EARNALACHA GAIRME AGUS AN EARNÁIL PHOIBLÍ

poistphoiblí
publicjobs

Earnálacha Gairme agus an Earnáil Phoiblí

Grúpa Daltaí: Daltaí san Idirbhliain/sa Chúigiú Bliain/ daltaí ATF/daltaí GCAT
Eolas a clúdaíodh go dtí seo:

Beidh tuiscint ag daltaí ar ghairmeacha agus ar phoist éagsúla.
Beidh tuiscint ag daltaí ar na hearnálacha ginearálta.
Beidh a fhios ag daltaí conas taighde iontaofa a dhéanamh.
Cuspóirí Foghlama:

- Foghlaimeoidh tú faoi earnálacha gairme.
- Aithneoidh tú grúpaí coitianta d'earnálacha gairme.
- Aithneoidh tú na ranna rialtais éagsúla agus an chaoi a
- mbaineann siad leis an earnáil phoiblí.
- Déanfaidh tú comparáid agus naisc idir na ranna
- rialtais agus
  na hearnálacha gairme.
  Gheobhaidh tú tuiscint ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí idir róil san earnáil phoiblí agus róil san earnáil phríobháideach.

Acmhainní:

- Ríomhaire
- Teilgeoir
- Suíomh gréasáin Publicjobs.ie
- Grafaic Faisnéise Publicjobs.ie
- Clár Bán
- Leabhair oibre/cóipeanna do dhaltaí
- Liosta de róil don ghníomhaíocht idirghníomhach atá
- bunaithe ar phoist san earnáil phoiblí/phríobháideach
- Róil (béim ar shainspéiseanna agus scileanna an iarrthóra) san earnáil phoiblí
  Foirm aiseolais don chomórtas beag



Céimeanna an Cheachta:

1. Spreagann an múinteoir an plé ar earnálacha gairme, trí úsáid a bhaint as an sleamhnán chun tacú leis an gcomhrá agus chun an comhrá a stiúradh.
2. Téigh trí gach pointe urchair sula dtéann tú ar aghaidh chuig an gcéad sleamhnán eile.
3. Taispeáin ciorcal na n-earnálacha gairme ar CareersPortal.ie do na daltaí. Cuir na ceisteanna seo a leanas orthu:
   a. An aithníonn siad aon cheann de na hearnálacha?
   b. Cén earnáil ina n-oibríonn aon bhaill teaghlaigh/chairde dá gcuid faoi láthair?
   c. Cén éarnáil ar mhaith leo a bheith ag obair inti?
   d. Cén earnáil a ghineann an t-ioncam is mó, dar leo?
4. Iarr ar na foghlaimeoirí dul chuig Gníomhaíocht 1 agus ciorcal a chur timpeall na n-earnálacha a bhfuil suim acu iontu, nó a bhfuil eolas acu orthu. Is é cuspóir na gníomhaíochta seo deis a thabhairt don rang scrúdú a dhéanamh ar an earnáil go físiúil, agus níl freagraí cearta/míchearta i gceist anseo.
5. Bain úsáid as an rannán dar teideal Plé agus Machnamh chun na rudaí atá foghlamtha ag na daltaí a neartú chun freastal ar riachtanais do ghrúpa.
6. Tugann an sleamhnán dar teideal Stop agus Pléigh deis duit nasc a dhéanamh idir na nithe atá foghlamtha ag na daltaí agus an saol laethúil. Is iad seo a leanas na freagraí:
   a. Cén earnáil ina n-oibríonn do mhúinteoir? Oideachas agus Múinteoireacht
   b. Cén earnáil ina n-oibríonn stíleálaí faisin? Ealaín, Ceardaíocht agus Dearadh
   c. Cén earnáil ina n-oibríonn baincéir? Baincéireacht agus Seirbhísí Airgeadais

poistphoiblí publicjobs

Earnálacha Gairme agus an Earnáil Phoiblí

d. Cén earnáil ina n-oibríonn tiománaí DHL? Iompar agus Lóistíocht

e. Cén earnáil ina n-oibríonn Garda? Slándáil, Cosaint agus Forfheidhmú Dlí

7. Ba chóir don mhúinteoir úsáid a bhaint as an ngrafaic eolais faoi na ranna rialtais chun plé ar an gcaoi a mbaineann na hearnálacha leis na ranna rialtais éagsúla a spreagadh.

8. Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh an deis acu obair a dhéanamh ar thasc ar leith a bhaineann leis seo ar an gcéad sleamhnán eile.

9. Taispeáin an sleamhnán ar a bhfuil eolas taobh le taobh agus déan plé gearr air leis an rang sula n-iarrann tú orthu díriú ar Ghníomhaíocht 2.

10. Freagraí do Ghníomhaíocht 2:

1	An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige	= D	Síceolaíocht agus Cúram Sóisialta
2	An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara	= Q	Feirmeoireacht, Gairneoireacht agus Foraoiseacht
3	Óglaigh na hÉireann	= O	Slándáil, Cosaint agus Forfheidhmú Dlí
4	An Roinn Oideachais	= K	Oideachas agus Múinteoireacht
5	An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta	= C	Bainistíocht Ghnó agus Acmhainní Daonna
6	An Roinn Airgeadais	= E	Cuntasaíocht agus Cáin
7	An Roinn Gnóthaí Eachtracha	= J	Rialtas, Polaitíocht agus an tAE
8	An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta	= N	Fisic, Matamaitic agus Eolaíocht an Spáis
9	An Roinn Sláinte	= L	Cúram Leighis agus Cúram Sláinte
10	An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta	= H	Ailtireacht, Tógáil agus Réadmhaoin
11	An Roinn Dlí agus Cirt	= I	Dlí
12	An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe	= P	Baincéireacht agus Seirbhísí Airgeadais
13	An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail	= B	Pobal agus Deonach
14	An Roinn Coimirce Sóisialaí	= R	Pobal agus Deonach
15	An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide	= M	An Domhan agus an Comhshaol
16	Roinn an Taoisigh	= A	Rialtas, Polaitíocht agus an tAE
17	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	= G	Bia agus Deochanna; Ceol agus na Taibhealaíona
18	An Roinn Iompair	=F	Iompar agus Lóistíocht

Earnálacha Gairme agus an Earnáil Phoiblí

11. Mínigh do na daltaí go mbíonn róil áirithe ar fáil san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, trí úsáid a bhaint as léaráid Venn ar an gcéad sleamhnán eile.

12. Téigh tríd an liosta de róil ar an mbileog agus cuir béim ar róil a bhíonn ar fáil san earnáil phoiblí/phríobháideach; déan an ghníomhaíocht 'caith do vóta' leis na daltaí chun deis a thabhairt dóibh buille faoi thuairim a thabhairt maidir le stádas na ról a ghlaonn an múinteoir amach (m.sh. ailtire, innealtóir, cuntasóir srl.), .i. an mbaineann siad leis an earnáil phoiblí, an earnáil phríobháideach nó an dá earnáil?

13. Bain leas as Gníomhaíocht 3 chun deis a thabhairt do na foghlaimeoirí torthaí an ranga a bhreacadh síos. Tacóidh an liosta leis an gcéad staid eile den cheacht.